C/2024/1971

29.2.2024

**Dréacht-Ráitis ón gComhairle ar ghlacadh Rialachán (AE) 2024/765 ón gComhairle [Athbhreithniú CAI], atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle**

**Ráiteas maidir le maoiniú na Saoráide don Úcráin**

(C/2024/1971)

Tugann an Chomhairle dá haire na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1 Feabhra 2024, ar i gcomhréir leo a bheidh díospóireacht ag an gComhairle Eorpach gach bliain, ar bhonn na tuarascála bliantúla ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na Saoráide don Úcráin, maidir le cur chun feidhme na Saoráide d'fhonn treoir a chur ar fáil, agus tá sí tiomanta obair leantach a dhéanamh ar na conclúidí sin. Más gá, i gceann 2 bhliain iarrfaidh an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh athbhreithniú i gcomhthéacs CAI nua.